Socruithe athbhreithnithe chun Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích le haghaidh cohóirt scoláirí 2018 – 2021 (scoláirí a bheidh sa Tríú Bliain in 2020/2021)

Lúnasa 2020

Beifear tar éis cur isteach ar thréimhse foghlama 2019/20 na scoláirí a fhillfidh ar an scoil mar gheall ar éifeachtaí gan choinne na mbeart a tugadh isteach, ar nós scoileanna a dhúnadh, chun stop a chur le paindéim COVID-19. In ainneoin iarrachtaí móra na múinteoirí agus na scoileanna chun tionchar na scolaíochta trína chéile seo a mhaolú, fuair scoláirí i scoileanna éagsúla taithí éagsúil ar an bhfoghlaim. Mar gheall air sin, d'fhéadfadh dúshlán míchothrom agus díréireach a bheith os comhair scoileanna agus scoláirí a bheidh sa tríú bliain i mbliana toisc go mbeadh Measúnuithe Rangbhunaithe le cur i gcrích acu ón mbliain acadúil 2019/20 mar aon le Measúnuithe Rangbhunaithe ón mbliain acadúil 2020/21, nuair a osclófar scoileanna arís don scoilbhliain nua.

Beidh na socruithe measúnaithe seo a leanas i bhfeidhm anois le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe:

- athraíodh an riachtanas a bhaineann le cur i gcrích na Measúnuithe Rangbhunaithe don chohórt scoláirí seo. Mar thoradh ar na dálaí uathúla atá ann faoi láthair, ní bheidh ach MRB amháin le cur i gcrích ag gach scoláire i ngach ábhar seachas an dá cheann a bhíonn le déanamh de ghnáth agus ní bheidh ach MRB amháin le comhlíonadh i ngach gearrchúrsa
- mar thoradh ar na dálaí uathúla atá ann faoi láthair, ní cheanglófar ar an gcohórt scoláirí seo na Tascanna Measúnaithe do na hábhair bhainteacha a chomhlíonadh
- tá na spriocdhátaí reatha (sa bhliain acadúil 2019/20) chun Measúnuithe Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích leathnaithe isteach go dtí an chéad téarma de scoilbhliain 2020/21. Cuirfear dátaí tábhachtacha le haghaidh scoilbhliain 2020/2021 ar fáil go luath
- roghnóidh bainistíocht agus múinteoirí na scoile, agus iad ag plé na ceiste leis na scoláirí nuair is féidir é, an Measúnú Rangbhunaithe amháin a bheidh le cur i gcrích le haghaidh gach ábhair. Mar sin féin, beidh roinnt eisceachtaí ag baint leis an rogha sin:

- chun a chinntiú go ndéanfar measúnú ar scileanna cumarsáide ó bhéal, ní mór do na scoláirí Measúnú Rangbhunaithe 2: Tasc Cumarsáideach sa Ghaeilge agus Measúnú Rangbhunaithe 1: Cumarsáid ó Bhéal sna Nuatheangacha Iasachta a chur i gcrích
- toisc go bhfuil siad ceangailte i ngach cás leis an scrúdú deiridh san ábhar, ní mór do na scoláirí atá i mbun staidéir ar Amharc-ealaín, Eacnamaíocht Bhaile, agus Ceol Measúnú Rangbhunaithe 2 a dhéanamh

- caithfear leagan amach Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí le haghaidh 2021 a athrú chun na socruithe athbhreithnithe le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur san áireamh.

Cé gur freagairt iad na socruithe seo le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe ar dhúshlán sonrach, eisceachtúil, tá sé mar aidhm leo freisin:

- neamhspleáchas scoile a spreagadh agus na cinntí teagaisc agus foghlama a rinneadh ar leibhéal scoile le roinnt míonna anuas a aithint
- líon na Measúnuithe Rangbhunaithe a bheidh ar scoileanna a chur ar an sceideal agus a chur i gcrích sa chéad téarma de scoilbhliain 2020/21 a laghdú
- a chinntiú, a oiread agus is féidir, go mbeifear in ann aitheantas a thabhairt do na Measúnuithe Rangbhunaithe a chuirfidh scoláirí dara bliain i gcrích sa bhliain acadúil 2019/20 (ar scoil nó go cianda) agus go mbeifear in ann tuairisc a thabhairt orthu i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí de chuid an scoláire
- líon foriomlán na Measúnuithe Rangbhunaithe a bheidh le cur i gcrích a laghdú, rud a mhaolóidh dá réir sin an ró-mheasúnú a d'fhéadfadh tarlú ar an gcohórt scoláirí seo sa tríú bliain.